

Ábhair

1	Céard is Sochar Báis ann?	3
2	Cé mhéad is féidir liom a fháil?	5
3	Conas a gheobhaidh mé m'íocaíocht?	5
4	An féidir liom sochair sa bhreis a fháil?	6
5	Cathain agus conas a chuirfidh mé iarratas isteach air?	6
6	Cá háit ar féidir liom níos mó eolais a fháil?	8

Samhain 2005

Athraíonn na coinníollacha cáilitheacha dár scéimeanna ó am go ham. Déan seiceáil i gcónaí le d'Oifig Leasa Shóisialta áitiúil nó téigh i dteagmháil lenár Seirbhísí Eolais ag (01) 704 3000 le féachaint ar athraigh na coinníollacha cáilitheacha.

Tá an t-eolas sa leabhrán seo ceart ag an am atá sé á chur i gcló.

1. Céard is Sochar Báis ann?

I gcás go bhfaigheadh duine bás mar gheall ar thimpiste oibre nó galar oibre, d'fhéadfadh a c(h)leithiúnaithe Sochar Báis a fháil.

D'fhéadfadh na cleithiúnaithe Sochar Báis a fháil chomh maith má bhí Pinsean Míthreorach a bhí measúnaithe ag 50% nó níos mó á fháil ag an duine nuair a fuair sé/sí bás, beag beann ar chúis an bháis.

Mar chuid den Sochar Báis tá:

- Pinsean na mBaintreach (Fir)
- Pinsean Dílleachta
- Pinsean na dTuistí Cleithiúnacha
- Deontas Sochraide

Pinsean na mBaintreach (Fir)

I gcás go bhfaigheadh do chéile bás mar gheall ar thimpiste oibre nó galar oibre, nó má bhí Pinsean Míthreorach a bhí measúnaithe ag 50% nó níos mó á fháil aige/aici nuair a fuair sé/sí bás, d'fhéadfá a bheith incháilithe do Phinsean na mBaintreach (Fir). Is féidir an pinsean a fháil a fhad is go bhfanann tú i do bhaintreach (fir) (mura bpósann tú arís nó mura bhfuil tú i do chónaí le duine mar fhear agus mar bhean chéile). Níl aon tionchar ag ioncam a bheadh agat air seo.

Is féidir méadú a fháil do leanaí cáilithe leis an bpinsean seo. Caithfidh leanaí cáilithe a bheith faoi 18 bliain d'aois, agus a bheith ina gcónaí leat de ghnáth, nó a bheith idir 18 agus 22 bliain d'aois agus a bheith in oideachas lánaimseartha. Leanfaidh an méadú ar aghaidh go dtí deireadh na bliana acadúla ina mbainfidh sé/sí 22 bliain d'aois amach.

Pinsean Dílleachta

D'fhéadfaí Pinsean Dílleachta a íoc do leanbh má tá an tuiste, an leaistuiste nó an duine a thug tacaíocht don leanbh bás mar

gheall ar thimpiste oibre nó galar oibre nó má bhí Pinsean Míthreorach á fháil aige/aici a bhí measúnaithe ag 50% nó níos mó nuair a fuair sé/sí bás.

Is dílleachta é an leanbh má tá:

- an bheirt thuistí marbh
nó
- tuiste amháin marbh, ainaithnid, má tá an leanbh tréigthe aige/aici nó má dhiúltaíonn sé/sí nó má theipeann air/uirthi cúram a chur ar fáil don leanbh, agus má tá an tuiste eile marbh, ainaithnid, má tá an leanbh tréigthe aige/aici nó má tá diúltaithe nó teipthe aige/aici cur ar fáil a dhéanamh don leanbh.

Ba cheart do chaomhnóir an dílleachta, iarratas a chur isteach ar an bpinsean.

Pinsean na dTuistí Cleithiúnacha

Má fhaigheann duine bás mar gheall ar thimpiste oibre nó galar oibre nó má bhí Pinsean Míthreorach á fháil aige/aici a bhí measúnaithe ag 50% nó níos mó nuair a fuair sé/sí bás agus má tá tuiste cleithiúnach fágtha ina d(h)iaidh aige/aici, is féidir le gach tuiste pinsean a fháil. Caithfidh go raibh an tuiste á chothú go hiomlán nó go príomha ag an duine marbh, chun a bheith incháilithe.

Beidh tionchar aige ar mhéid an phinsin, má bhí an duine marbh singil nó pósta.

Deontas Sochraide

Má fhaigheann duine bás mar gheall ar thimpiste oibre nó galar oibre nó má bhí Pinsean Míthreorach á fháil aige/aici a bhí measúnaithe ag 50% nó níos mó nuair a fuair sé/sí bás, íoctar deontas aon uaire de €635 do chostais na sochraide.

Íoctar an deontas seo le seic.

2. Cé mhéad is féidir liom a fháil?

Tá rátaí an tSochair Bás le fáil i leabhrán Rátaí na nÍocaíochtaí **SW 19**.

3. Conas a gheobhaidh mé m'íocaíocht?

Is féidir leat pinsean a bhí déanta faoin scéim um Shochar Bás a fháil, trí:

- íocaíocht dhíreach sheachtainiúil roimh ré chuig aon cheann de na hinstiúidí airgeadais atá liostaithe thíos, [nó](#)
- leabhar d'orduithe iníochta ar féidir airgead tirim a dhéanamh astu go seachtainiúil ag do rogha oifig poist.

Is féidir rogha na híocaíochta dírí a úsáid le haghaidh:

- Cuntas Coigiltis do Phinsean le An Post,
- cuntas reatha nó cuntas taisce do choigilteas (**ní** cuntas morgáiste) le haon cheann de na bainc nó na cumainn foirgníochta seo a leanas;
 - ACC Bank
 - AIB Bank
 - Bank of Ireland
 - National Irish Bank
 - permanent tsb
 - Ulster Bank
 - EBS Building Societies
 - First Active PLC
 - ICS Building Society
 - Irish Nationwide Building Society.

4. An féidir liom sochair sa bhreis a fháil?

Má tá tú incháilithe do Shochair Báis, d'fhéadfá na rudaí seo a leanas a fháil chomh maith:

- Liúntas Breosla, agus
- Cúnamh faoi scéim an Liúntais Leasa Fhorlíontaigh.

Má tá tú **66 bliain d'aois nó níos sine** gheobhaidh tú Saorthaisteal go huathoibríoch. Chomh maith leis sin, d'fhéadfá a bheith incháilithe do:

- an Pacáiste de Shochair Teaghlaigh, agus
- cárta leighis ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

Tá sonraí na lamháltas atá ann do Bhaintreacha (Fir) atá idir 60 agus 65 bliain d'aois, le fáil sna bileoga eolais cuí atá liostaithe ar leathanach 8.

5. Cathain agus conas a chuirfidh mé iarratas isteach air?

Caithfidh tú iarratas a chur isteach ar na híocaíochtaí faoi scéim an tSochair Báis taobh istigh de **3 mhí** ó dháta an bháis, nó d'fhéadfá roinnt sochair a chailliúint.

Líon isteach foirm iarratais (**OB 61**) (iniata) chun iarratas a chur isteach agus cuir í ar ais chuig:

Rannóg an tSochair Míthreorach

Oifig Sheirbhísí an Leasa Shóisialta

Tithe an Rialtais

Bóthar Bhéal Átha na Lao

Longfort

Guthán:

Longfort (043) 334 00 00

Baile Átha Cliath (01) 704 3000

Bí cinnte go gcuirfidh tú isteach na teastais seo a leanas nuair a bheidh tú ag cur iarratais isteach:

- do Theastas Breithe féin
- do Theastas Pósta, má tá sé bainteach,
- Teastais Breithe agus Báis maidir leis an duine a bhfuil tú ag cur iarratais isteach ar a s(h)on,
- Teastais Breithe do leanaí cáilithe (má tá tú ag cur iarratais isteach ar Mhéadú do Leanbh Cáilithe agus mura bhfaigheann tú Sochar Leanaí dóibh).

Ní ghlacaimid le fótachóipeanna de na teastais.

Is féidir teastais a fháil ar mhaithe le cúrsaí leasa shóisialta ón gCláraitheoir Breitheanna, Básanna agus Póstaí. Is féidir iad seo a cheannach ó Ard-Chláraitheoir an chontae inar tharla an bhreith nó an pósadh. Is féidir iad a fháil chomh maith ó:

An Phríomhoifig Cláraithe

Oifigí an Rialtais

Bóthar an Chlochair

Ros Comáin

Guthán: (0906) 632 900

LoCall: 1890 25 20 76

Murar féidir leat na teastais a fháil ar an bpointe boise, ba cheart duit d'iarratas a chur isteach le nóta a deir go gcuirfidh tú isteach iad chomh luath agus is féidir.

I gcás go mbeidh an teastas á chur isteach agat ag dáta níos déanaí, bí cinnte go luafaidh tú uimhir éilimh do phinsin.

Gheobhaidh tú é seo go huathoibríoch nuair a gheobhaimid d'iarratas.

6. Cá háit ar féidir liom níos mó eolais a fháil?

Téigh i dteagmháil le d'Oifig Leasa Shóisialta áitiúil chun sonraí sa bhreis a fháil faoi Shochar Báis nó téigh i dteagmháil le **Rannóg an tSochair Míthreorach** ag an seoladh ar leathanach 6.

Is féidir eolas a fháil faoi sheirbhísí leasa shóisialta ar an Idirlíon ag www.welfare.ie.

Is féidir leabhráin eolais agus foirmeacha iarratais a fháil:

- ó d'Oifig Leasa Shóisialta áitiúil
nó
- ar an Idirlíon ag www.welfare.ie
nó
- trí ghlaoch a chur ar Líne LoCall na Roinne d'Iarratais Bileog ag **1890 20 23 25**.

Leabhráin úsáideacha eile:

Liúntas Breosla	SW 17
Rátaí Íocaíochta	SW 19
Sochar Cóiréala	SW 24
Sochar Gortuithe	SW 30
Sochar Míthreorach	SW 31
Galair Oibre Fhorordaithe	SW 33
Scéim Cúram Leighis	SW 34
Pacáiste de Shochair Teaghlaigh	SW 107